Tuarascáil Bhliantúil 2016

Roinn an Taoisigh
Tuarascáil Bhliantúil 2016

Teachtaireacht ón Taoiseach

Ba bhliain mhórshuntasach an bhliain 2016 d'Éirinn le linn dúinn comóradh á dhéanamh ar imeachtaí 100 bliain ó shin ónar eascair saoirse na tíre agus an deis a thapú féachaint chun cinn freisin go huaillmhianach dóchasach. Bhí ról lárnach ag Roinn an Taoisigh i gClár Comóradh Céad Bliain 1916 a eagrú, clár imeachtaí a raibh an t-an-rath air.

Cuireadh ábhar nua dúshláin os ár gcomhair freisin i rith na bliana 2016, mar shampla Brexit gan ach an ní is suntasaí a lua. Bhí pleananna teagmhais curtha le chéile ag an Roinn sular tharla reifreann Brexit. Rinneadh athstruchtúrú go tréan tobann tar éis na vótála ionas go gcinntítear tuiscint iomlán ar na bearta is mó a bhfuil tábhacht leo i gcás na hÉireann agus aird orthu sin le linn d'institiúidí an AE, Rialtas na Breataine agus Feidhmeannas Thuaisceart Éireann oibriú maidir le Brexit.

Ba den bhunriachtanas cinniúnach go mbeadh aird iomlán ar leasa náisiúnta na tíre seo sna treoirlínte maidir leis an idirbheartaíocht faoi Brexit a d'aontaigh an Chomhairle Eorpach le gairid.

Táim buíoch as an gcúnamh taca a fuair mé agus mé i mbun ionadaíochta ar son na hÉireann ó mo Roinn féin agus ó oifigigh ar fud na Ranna eile Rialtais agus i seirbhís taidhleoireachta na tíre seo.

Cé go léiríonn an t-ábhar nua dúshláin maidir le Brexit a theacht chun cinn, chomh maith le hiarmhairtí ainsealacha na géarchéime eacnamaíochta a bhfuil a lorg go fóill ar réimsí áirithe, mar shampla cúrsaí tithíochta, nach mbeifear go brách gan beart eile le déanamh, rinne Éire nua-aimseartha na linne seo dul chun cinn arís i rith na bliana 2016.

Feictear anois téarnamh eacnamaíochta ag tarlú atá ag éirí níos treise agus níos daingne agus é ina bhonn faoi théarnamh sóisialta agus faoin bhfeabhas ar na seirbhísí poiblí atá de dhíth ar shaoránaigh na tíre.

Nuair a toghadh mise i mo Thaoiseach sa bhliain 2011 gheall mé go gcuirfinn bun an athuair faoin mórtas náisiúnta agus faoi dhea-chlú idirnáisiúnta na tíre, cúrsaí airgeadais poiblí a chur i gcaoi mhaith arís agus muintir na hÉireann a chur ar ais ag obair.

De thoradh ar íobairt agus ar dhícheall mhuintir na hÉireann, mar aon le bearta diana dána an Rialtais, tá an ráta dífhostaíochta anois cothrom le 6%, tá níos mó ná 2 mhilliún duine ag obair, táthar ag teacht leis an marc maidir le buiséad comhardaithe agus táthar mórtasach arís as náisiún na hÉireann.

Ba mhaith liom, i gcomhar le mo chuid comhghleacaithe, Paul Kehoe TD, Regina Doherty TD, Dara Murphy TD agus Joe McHugh TD, buíochas a ghlacadh le foireann na Roinne as an dua agus an díograis a chaitheann siad i gcónaí leis an obair.

Enda Kenny T.D.

Taoiseach

Réamhrá leis an Ard-Rúnaí

Is í seo an Tuarascáil Bhliantúil dheireanach faoi Ráiteas Straitéise 2015-2017 Roinn an Taoisigh.

Cuireadh athrú suntasach ar struchtúr na Roinne i rith na bliana 2016, mar gheall ar Rialtas nua a chur le chéile, athrú ar an gcaidreamh idir an Rialtas agus an tOireachtas, agus an t-ábhar nua dúshláin a chuirtear os ár gcomhair le Brexit.

Leanadh de dhul i ngleic leis na ceisteanna príomhthábhachta náisiúnta, de réir mar a stiúradh an Taoiseach, mar shampla, poist agus dífhostaíocht, tithíocht agus daoine gan dídean, sláinte, athchóiriú ar an gcóras dlí agus cirt, uilechuimsiú sóisialta, forbairt na tuaithe agus Brexit.

Chomh maith leis na cúraimí reatha, faoi mar a leagtar amach sa tuarascáil seo, leagadh cúraimí nua ar an Roinn, maidir le réimsí chomh héagsúil leis an Tionól Saoránach, Éire Ildánach, Margadh Digiteach Aonair an AE, Cosaint Sonraí, athnuachan ar Oirthuaisceart Lár na Cathrach i mBaile Átha Cliath agus roinnt binsí fiosrúcháin neamhspleácha a chur ar bun.

Tá baint lárnach ag an Roinn i gcónaí, trí obair Bhord Bainistíochta na Státseirbhíse, leis an athchóiriú agus leis an athnuachan ar an Státseirbhís.

Ba bhliain an-tábhachtach ag Roinn an Taoisigh an bhliain 2016 nuair a chonacthas dea-thoradh ar an obair chúramach pleanála a rinneadh le roinnt blianta roimhe sin ar Chomóradh Céad Bliain Éirí Amach 1916.

Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le gach duine d'fhoireann na Roinne as a gcuid díograise, gairmiúlachta agus dúthrachta i rith na bliana.

Martin Fraser
Ard-Rúnaí

Ár Misean

Is é atá de chuspóir ag an Roinn cuidiú leis an Taoiseach agus leis an Rialtas geilleagar inbhuanaithe agus sochaí rathúil a fhorbairt, leas na hÉireann a dhéanamh thar lear, Clár an Rialtais a chur i bhfeidhm agus todhchaí níos fearr a chur ar fáil d'Éirinn agus do shaoránaigh uile na hÉireann.

Fís na Státseirbhíse

Seirbhís de scoth an domhain a chur ar fáil don Stát agus do phobal na hÉireann

Tosaíochtaí Straitéiseacha 2015-2017

1. GEILLEAGAR INBHUANAITHE

Ag cinntiú go bhfuil poist agus forás i gcroílár bheartas an Rialtais

2. SOCHAÍ RATHÚIL

Ag cinntiú go gcuireann beartais agus seirbhísí an Rialtais bonn faoi shochaí chóir lena mbaineann an soicheall sóisialta

3. AN EORAIP

Ag cinntiú go mbíonn ról iomlán críochnúil ag Éirinn i ngach gné den Aontas Eorpach

4. SÍOCHÁIN

Ag cuidiú leis an tsíocháin a chothú agus an caidreamh ar oileán na hÉireann agus idir Éirinn agus an Bhreatain a fheabhsú

5. CLÁR RIALTAIS

Maoirseacht a dhéanamh ar Chlár an Rialtais agus Ráiteas Thosaíochtaí an Rialtais a chur i bhfeidhm ina n-iomláine

6. SEIRBHÍS

Seirbhísí taca den chéad scoth a chur ar fáil don Taoiseach agus don Rialtas

7. MUINÍN AGUS ATHCHÓIRIÚ

Cuidiú leis an athchóiriú ar institiúidí an Stáit agus leis an muinín iontu a chothú an athuair

8. ÉIRE I nDOMHAN DOMHANDAITHE

Ag obair chun leas na tíre a chosaint, an tionchar is mó a imirt agus cur leis an rathúnas sa saol domhandaithe

Feidhmeanna Lárnacha na Roinne i rith na bliana 2016

- Feidhmeanna Feidhmiúcháin an Taoisigh agus an Rialtais a chur i gcrích
- Rúnaíocht an Rialtais a chur ar fáil
- Cúnamh taca a thabhairt don Taoiseach i mbun dualgais mar Cheann Rialtais, dualgais i ndáil leis an Oireachtas, ceisteanna Bunreachta, Prótacal, an Chomhairle Eorpach, an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas agus Comhairle na Breataine agus na hÉireann san áireamh
- Oibriú le hOifig an Uachtaráin agus leis an Oireachtas
- Dul i ngleic le ceapadh agus cur i bhfeidhm bheartas an Rialtais, trí chóras na gCoistí Comh-Aireachta, Ghrúpaí na nOifigeach Sinsearach, Oifig Chlár an Rialtais agus Aonad an Idirchaidrimh leis an bParlaimint den chuid is mó.
- Oifig an Taoisigh (mar aon le cúnamh taca don Tánaiste)
- Cúnamh Taca d'Airí Neamhspleácha sa Rialtas
- Oifig Phríomh-Aoire an Rialtais (atá freagrach chomh maith as an bPríomh-Oifig Staidrimh)
- Cúnamh taca do na hAirí Stáit a cheaptar sa Roinn (a leagtar freagracht orthu as cúrsaí Cosanta; Gnóthaí Eorpacha, Cosaint Sonraí agus Margadh Digiteach Aonair an AE; agus Gnóthaí an Diaspóra)
- Preasoifig an Rialtais
- Mionteagasc agus comhairle a chur ar fáil don Taoiseach maidir leis an uile cheist a bhaineann le ceisteanna beartais intíre agus maidir le gnóthaí idirnáisiúnta (trí bhíthin obair na Comhairle Náisiúnta Eacnamaíochta agus Sóisialta chomh maith le modhanna eile)
- Cúnamh taca a chur ar fáil don Taoiseach agus don Rialtas maidir le beartas na hÉireann i ndáil leis an AE, Tuaisceart Éireann agus cúrsaí idirnáisiúnta a leagan amach agus a chur i bhfeidhm, an comhordú ina leith ar fud an Rialtais uile san áireamh
- Seirbhísí tacaíochta a chur ar fáil tríd an Rannán Prótacail agus Gnóthaí Corparáideacha (Acmhainní Daonna, Seirbhísí Airgeadais, TE agus seirbhísí eile)

Buaicphointí

D'oibrigh 190 ball foirne Roinn an Taoisigh maidir leis na nithe seo a leanas i rith na bliana 2016:

An Rialtas agus na Coistí Comh-aireachta

Cuireann an Roinn Rúnaíocht an Rialtais ar fáil. I rith na bliana 2016, bhí 51 cruinniú ag an Rialtas agus déileáladh le 850 Meamram. Tá na Coistí Comh-aireachta lárnach i gcónaí in obair na Roinne maidir le forfheidhmiú bheartas an Rialtais agus comhoibriú éifeachtach tras-rannach a bhrú chun cinn. Cuireann an Roinn seirbhís rúnaíochta ar fáil do na Coistí Comh-aireachta agus déanann an Roinn cathaoirleacht ar na Grúpaí Oifigeach Sinsearacha a ghabhann leo. Tar éis Rialtas nua a chur ar bun i mí Bealtaine, rinneadh na Coistí Comh-aireachta a leagan amach mar seo a leanas:

An Coiste Comh-Aireachta maidir le Brexit	•déanann maoirseacht ar bhearta an Rialtais i ndáil le Brexit, an tionchar eacnamaíochta agus an idirbheartaíocht ar leibhéal an AE, agus leis na dlínsí riaracháin i mBéal Feirste agus i Londain san áireamh
An Coiste Comh-Aireachta Eacnamaíochta, Trádála agus Post	•féachtar le forás cothrom eacnamaíochta, cruthú fostaíochta, maolú dífhostaíochta agus breis trádála agus infheistíochta a thabhairt i gcrích
An Coiste Comh-Aireachta Bonneagair, Comhshaoil & Athrú Aeráide	•dírítear ar ghnéithe príomhthábhachta den bhonneagar a fhorbairt agus a thabhairt i gcrích agus déantar maoirseacht ar chur chuige an Rialtais maidir le ceisteanna idirnáisiúnta agus intíre a bhaineann leis an athrú aeráide
An Coiste Comh-Aireachta Gnóthaí Eorpacha	•déantar maoirseacht maidir le comhordú ar sheasamh na hÉireann maidir le ceisteanna mórthábhachtacha i ndáil leis an Eoraip, go háirithe na ceisteanna ar dócha iad a mheas ag Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Coiste Comh-Aireachta Sláinte	•déantar maoirseacht ar na príomhbhearta athchóiriúcháin maidir leis an tseirbhís sláinte a fhorbairt agus a thabhairt i gcrích chomh maith le feabhas a spreagadh i réimsí áirithe tús áite maidir le seirbhís a chur ar fáil

An Rialtas agus na Coistí Comh-Aireachta

An Coiste Comh-Aireachta maidir le Tithíocht

- déantar maoirseacht maidir le tithíocht áisiúil incheannaithe ar dhea-chaighdeán a chur ar fáil, le breis tógála a spreagadh maidir le tithíocht agus oibrítear ar mhaithe le deireadh a chur leis an nganntanas tithíochta agus le géarchéim na ndaoine gan dídean

An Coiste Comh-Aireachta maidir le hAthchóiriú Dlí agus Cirt

- cuirtear maoirseacht ar an leibhéal polaitíochta ar fáil maidir le gealltanais sa 'Chlár do Rialtas Comhpháirtíochta' maidir le hathchóiriú i ndáil le cúrsaí póilíneachta, na córais dlí agus cirt agus ceisteanna gaolmhara

An Coiste Comh-Aireachta maidir leis an mBeartas Sóisialta agus Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí

- déantar maoirseacht agus comhordú maidir le huilechuimsitheacht shóisialta, maolú bochtaineachta agus seirbhísí a chur ar fáil
- oibrítear ar mhaithe le hathchóiriú na seirbhíse poiblí a thabhairt chun cinn agus a chur i bhfeidhm

An Coiste Comh-Aireachta Gnóthaí Réigiúnacha agus Tuaithe

- cuirtear bearta chun cinn d'fhonn a chinntiú go mbíonn an tairbhe ón téarnamh eacnamaíochta le brath i ngach pobal, tríd an bhforbairt ar Phlean Gníomhaíochta maidir le Forbairt na Tuaithe agus ar mhodhanna eile

An Coiste Comh-Aireachta maidir leis na hEalaíona, an Ghaeilge, an Ghaeltacht agus na hOileáin

- féachtar leis an nGaeilge a chur chun cinn agus cuidiú le pobail Ghaeltachta agus le teaghlaigh a labhraíonn Gaeilge
- oibrítear ar mhaithe le hearnálacha na nEalaíon, an Chultúir agus na hOidhreachta agus le Cultúr 2025 agus Éire Ildánach go háirithe

46

cruinniú Coiste Comh-aireachta a eagraíodh

Ócáidí agus Cuairteanna Stáit

I rith na bliana 2016, rinne an Roinn roinnt imeachtaí suntasacha agus cuairteanna oifigiúla thar tír isteach a eagrú nó cuidiú lena n-eagrú, na cuairteanna seo a leanas ina measc:

- Cuairt Leas-Uachtarán na Stát Aontaithe, Joe Biden Uasal
- Cuairt Leas-Chathaoirleach Dhaon-Tionól Náisiúnta Dhaon-Phoblacht na Síne, Ji Bingxuan
- Cuairt Phríomh-Aire Mhálta, Joseph Muscat Uasal
- Cuairt Uachtarán na Fraince, François Hollande, agus cuairt Harlem Désir Uasal, Rúnaí Stáit na Fraince maidir le Gnóthaí Eorpacha
- Cuairt Uachtarán Anastasiades na Cipire
- Cuairt an Rí Abdullah II Ríocht Haisimíteach na hIordáine
- Cuairt Phríomhidirbheartaí an Choimisiúin Eorpaigh maidir le Brexit, Michel Barnier Uasal

Chuidigh an Roinn freisin leis an Taoiseach agus leis na hAirí Stáit i mbun ionadaíochta dóibh ar son na hÉireann agus ag cur cás na hÉireann chun tosaigh ag cruinnithe agus ócáidí eile thar sáile.

I rith aimsir na Féile Pádraig, thaistil an Taoiseach go Washington DC mar ar bhuail sé leis an Uachtarán Obama, leis an Leas-Uachtarán Joe Biden, le Spéicéir Theach na nIonadaithe, Paul Ryan agus le ceannairí polaitíochta eile sna Stáit Aontaithe. D'fhreastail an Taoiseach ar shraith ócáidí oifigiúla eile i Meiriceá mar chomóradh ar 1916 agus ar ról na nGael-Mheiriceánach in Éirí Amach na Cásca. Ba mhór an onóir, de bharr a neamhchoitianta a leithéid, ócáid ag ar chuir an Taoiseach crann darach de chuid na hÉireann ar fhearann an *United States Congress* ar Capitol Hill, mar chuid de shearmanas comóradh an chéid.

Bhí an Taoiseach i láthair freisin ag an bhFóram Eacnamaíoch Domhanda i Davos agus ghlac sé páirt i misin thrádála agus infheistíochta sa Ghearmáin agus san Ísiltír a bhí dírithe ar mhargaí easpórtála a fhairsingiú, ar dheiseanna trádála a thabhairt chun cinn agus ar infheistíocht a mhealladh. Thaistil sé go Silicon Valley agus go Nua-Eabhrac i mí na Samhna chun Éire a chur chun cinn mar ionad mealltach don infheistíocht agus don trádáil agus chun na bearta a bhfuil príomhthábhacht leo i gcás na hÉireann i gcomhthéacs Brexit a chur in iúl.

Thaistil an Taoiseach go dtí Cathair na Vatacáine mar a raibh roinnt ócáidí, cruinniú príobháideach leis an bPápa Proinsias san áireamh.

D'fhreastail sé ar seacht gcinn de chruinnithe de chuid na Comhairle Eorpaí agus de chruinnithe eile de chuid an AE ar leibhéal cruinnithe mullaigh.

Thaistil an tAire Stáit maidir leis an Diaspóra agus Forbairt Idirnáisiúnta go Silicon Valley chun aitheasc a thabhairt ag Comhdháil Bhliantúil an *Irish Network USA* faoin ról atá le Diaspóra na hÉireann.

Rinne an tAire Stáit maidir le Gnóthaí Eorpacha, Margadh Digiteach Aonair an AE agus Cosaint Sonraí ionadaíocht ar son na hÉireann ag cruinnithe Chomhairle an AE um Ghnóthaí Ginearálta chomh maith le tabhairt faoi chlár straitéiseach cruinnithe i mBallstáit an AE chun seasamh an Rialtais maidir le Brexit agus na bearta príomhthábhachta ina leith sin a chur in iúl.

Comóradh 1916

Ba í an Roinn a bhí freagrach as comhordú a dhéanamh ar Chlár Chomóradh Céad Bliain an Stáit sa bhliain 2016, beartaíocht tras-rialtais d'fhonn a chinntiú go mba bhliain d'imeachtaí lenar ghabh saibhreas, cuimsitheacht agus éagsúlacht an bhliain 2016 i gcuimhne ar Chéad Bliain 1916.

Tionscnamh comórtha leathanréimseach ardaidhmeach a bhí sa Chlár náisiúnta lenar ghabh seacht gcinn de shraitheanna éagsúla, agus clár téagartha imeachtaí ag dul le gach ceann acu: Searmanas Stáit, Machnamh ar an Stair, An Teanga Bheo, an Óige agus an tSamhlaíocht, Léiriú Cultúir, Rannpháirtíocht an Phobail, agus an Diaspóra Domhanda.

Tugadh faoi obair mhór i gcomhar le Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais, ina measc Oifig nua-bhunaithe Thionscadal 2016 sa Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, an Roinn Cosanta agus Óglaigh na hÉireann, Oifig na nOibreacha Poiblí, An Garda Síochána, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus fiontair phríobháideacha.

An Roinn a rinne an cheannródaíocht maidir le roinnt de na himeachtaí searmanais Stáit a eagrú, an searmanas maidir le hArdú Brataí i gclós Chaisleán Bhaile Átha Cliath ar an 1 Eanáir san áireamh. Cuireadh tús le clár imeachtaí Dhomhnach Cásca ar an 27 Márta le Searmanas Leagadh Bláthfhleascanna i bPríosún Chill Mhaighneann agus Searmanas in Ard-Oifig an Phoist ina dhiaidh sin le mórshiúlóid 4.5km inar mháirseáil 3,500 duine de na seirbhísí míleata agus de na seirbhísí éigeandála. Is ar an Roinn a bhí an fhreagracht fhorghinearálta as an searmanas agus as an mórshiúlóid ar tugadh cuireadh chuige do 6,000 aoi. Bhí slua measta 250,000 duine le bealach na Mórshiúlóide agus 1.1 milliún duine ag faire ar an mórshiúlóid ar RTÉ, a chuir sruthanna beo ar fáil chomh maith don BBC, do CNN agus do SKY News. Tráthnóna Dhomhnach Cásca, eagraíodh Fáiltiú Stáit i gCaisleán Bhaile Átha Cliath ag a raibh 2,800 duine i láthair, gaolta le daoine a bhí páirteach in Éirí Amach 1916 agus aíonna eile.

Ar na himeachtaí eile a ndearna an Roinn comhordú orthu, áirítear Searmanas Idirchreidimh ag Balla Cuimhneacháin Ghlas Naíon ar an 3 Aibreán; ócáid comórtha maidir le Cath an Somme ar an 9 Iúil i nGairdíní Náisiúnta Cuimhneacháin Cogaidh na hÉireann i nDroichead na hInse; agus an Lá Náisiúnta Cuimhneacháin ar an 10 Iúil san Ospidéal Ríoga i gCill Mhaighneann in ómós don uile Éireannach a fuair bás i gcogadh nó ar fianas leis na Náisiúin Aontaithe.

Tionscnamh nua cúig bhliana uile-rialtais atá in Éire Ildánach, a seoladh i mí na Nollag agus a chuirfidh leis an rath a bhí ar Chlár Comórtha 2016. Tá d'aidhm leis feabhas a chur ar na deiseanna ar bheartaíocht cultúir agus cruthaitheachta i ngach contae sa tír. Tá ceannródaíocht maidir le hÉire Ildánach á dhéanamh ag Oifig Tionscadail faoi leith sa Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta agus déantar tuairiscíocht leis an gCoiste Comh-Aireachta maidir leis na hEalaíona, an Ghaeilge, an Ghaeltacht agus na hOileáin.

Tosaíocht Straitéiseach 1
Geilleagar Inbhuanaithe

Tá an borradh eacnamaíochta go tréan i gcónaí, rud a chuireann ar chumas na hÉireann dul i ngleic le hábhar dúshláin ionchais. Lean an Taoiseach de chuidiú leis an Taoiseach agus leis an Rialtas le béim ar bheartais trínar féidir leas a dhéanamh maidir le forás leanúnach, cruthú fostaíochta, breis trádála agus infheistíochta agus a chinntiú go leathann an tairbhe ar fud an phobail, i gceantair uirbeacha agus i gceantair tuaithe araon, arna thabhairt san áireamh go bhfuil dúshlán eacnamaíochta faoi leith á chur romhainn mar gheall ar Brexit.

Lean an Coiste Comh-Aireachta Eacnamaíochta, Trádála agus Post den obair chun bonn treise a chur faoi fhorás eacnamaíochta inbhuanaithe agus coinníodh béim láidir ar an acmhainn iomaíochta, mar gheall ar thuairiscí ón gComhairle Náisiúnta Iomaíochais agus eile. Leanadh den chur i bhfeidhm ar an bPlean Gníomhaíochta do Phoist a bhrú chun cinn agus tugadh níos mó ná 93% de bhearta na bliana 2016 i gcrích, faoi mar a leagtar amach sna Tuairiscí Ráithiúla. Rinneadh monatóireacht freisin ar an dul chun cinn faoi na Pleananna Gníomhaíochta Réigiúnacha do Phoist agus ar bhearta cúnta maidir le fiontair bheaga agus mhéanmhéide, an chuid a bhfuil Brexit ina chur isteach orthu san áireamh.

Rinneadh maoirseacht ar Bhealaí Chun Oibre a chur i bhfeidhm, beart cúnta chun daoine atá gan obair a chur ar ais i measc an lucht saothair. Le JobPath a thabhairt i bhfeidhm, tá caidreamh níos rialta agus níos leanúnaí le daoine atá dífhostaithe agus bhí 84,000 duine atá ag lorg poist curtha faoi bhráid JobPath faoi dheireadh mhí na Nollag. Tugadh cúnamh tacaíochta freisin maidir leis an Straitéis Náisiúnta Scileanna a thabhairt i gcrích agus maidir le bearta eile ar mhaithe leis an bhforás a chur i bhfeidhm, Fiontraíocht 2025 agus Nuálaíocht 2020 san áireamh. Chuidigh an Roinn freisin le rannpháirtíocht ar fud an Rialtais i bpróiseas Seimeastair na hEorpa, lena n-áirítear Clár Náisiúnta Athchóiriúcháin na hÉireann a ullmhú.

Chuir an Rialtas Coiste Comh-Aireachta nua ar bun maidir le Gnóthaí Réigiúnacha agus Tuaithe a rinne maoirseacht ar ullmhú an Phlean Gníomhaíochta maidir le Forbairt na Tuaithe ina luaitear 276 beart chun bonn treise a chur faoi dhul chun cinn eacnamaíochta agus sóisialta faoin tuath in Éirinn. Leagadh béim faoi leith freisin ar an bPlean Náisiúnta Leathanbhanda, ar an tuarascáil ón Tascfhórsa maidir le Córais Fón Póca agus Leathanbhanda agus ar bhearta bainistíochta i ndáil leis an mbaol ó thuilte. Leagtar béim láidir in ocht gcinn de Phleananna Gníomhaíochta Réigiúnacha maidir le Poist ar fhorás réigiúnacha a spreagadh d'fhonn a chinntiú gur taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath a chruthófaí 70% den 65,100 post nua a cruthaíodh i rith na bliana 2016.

Cuireadh Fóram Eacnamaíochta Fhostóirí agus Lucht Saothair ar bun d'fhonn ionadaithe thar ceann na bhfostóirí agus thar ceann na gceardchumann a thabhairt le chéile leis an Rialtas chun plé a dhéanamh ar cheisteanna maidir le cúrsaí eacnamaíochta, le cúrsaí fostaíochta agus leis an margadh saothair. I mí Deireadh Fómhair a reáchtáladh an chéad chruinniú a ndearna an Taoiseach cathaoirleacht air.

Lean an Coiste Comh-Aireachta Bonneagair, Comhshaoil agus Ghníomhú ar son na hAeráide den chúnamh taca maidir le gnéithe príomhthábhachta bonneagair beartais ina leith sin a thabhairt i gcrích agus de dhul i ngleic leis an dúshlán maidir leis an athrú aeráide i ndáil le sprioc atá cóir agus intugtha i gcrích a aimsiú i ndáil le hÉirinn faoi Chreat Aeráide agus Fuinnimh AE2030 na hEorpa. Ar

na tionscnaimh agus na bearta ar oibríodh ar mhaithe leo i rith na bliana 2016, bí an Creat Fuinnimh agus Aeráide, lena n-áirítear idirbheartaíocht maidir le AE2030, Athchóiriú ar Chóras Trádáil Astaíochta an AE, an Plean Náisiúnta Maolúcháin, pleananna maidir le Caidreamh Náisiúnta faoin Athrú Aeráide agus Tuarascáil NewERA maidir le Punainn.

Tosaíocht Straitéiseach 2
Sochaí Rathúil

Cuidíonn an Roinn leis an Taoiseach agus leis an Rialtas trí na Coistí Comh-Aireachta ábhartha chun seirbhísí agus beartais a chur chun cinn trína ndéantar rath maidir le sochaí níos cóire agus trína gcinntítear go dtagann toradh an téarnaimh chomh fada leis an uile dhuine.

Rinne an Coiste Comh-Aireachta Tithíochta maoirseacht ar an bPlean Gníomhaíochta maidir le Tithíocht agus Daoine gan Dídean a ullmhú agus a fhoilsiú. Leagtar amach 84 beart faoi chúig cinn de cholúin sa phlean sin d'fhonn 25,000 áitreabh nua a chur leis an soláthar tithíochta gach bliain faoin mbliain 2021 le hinfheistíocht €5.5 billiún. Déantar tuairiscí mionsonraithe ar an dul chun cinn a fhoilsiú gach ráithe maidir leis na gníomhartha éagsúla, ina measc bearta faoi leith chun cur leis an soláthar tithíochta, teaghlaigh a thabhairt slán ón gcás ina bhfuil siad gan dídean agus tithíocht shóisialta bhreise a chur ar fáil.

Lean an Coiste Comh-Aireachta maidir leis an mBeartas Sóisialta agus Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí de bhonn oibre a chur ar fáil don chomhordú ar réimsí den bheartas sóisialta agus den uilechuimsiú sóisialta. Rinne an Coiste, i ndáil le réimse an Oideachais, an múnla nua dáiliúcháin maidir le Múinteoirí Acmhainne agus an t-athbhreithniú ar na Seirbhísí Uilechuimsitheachta Oideachais DEIS a mheas. Ar an obair eile a ndearnadh dul chun cinn ina leith i rith na bliana 2016, bhí athbhreithniú ar an bhforbairt maidir le Plean Náisiúnta nua i ndáil le hUilechuimsiú Daoine faoi Mhíchumas, forálacha nua maidir le Cúram Linbh, an fhorbairt ar Straitéis nua maidir le hImeascadh Imirceach agus obair ullmhúcháin maidir le Straitéis Náisiúnta Uilechuimsitheachta i ndáil le daoine den Lucht Siúil agus de bhunadh Romach.

Lean an Coiste Comh-Aireachta Sláinte den mhaoirseacht i ndáil le bearta feabhsúcháin mórthábhachtacha i ndáil leis an tseirbhís sláinte a fhorbairt agus a chur i gcrích i gcomhréir leis na gealltanais i gClár an Rialtais. Bhain an Coiste Comh-Aireachta Sláinte leas as Creat Feidhmíochta agus Cuntasachta treisithe Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun monatóireacht a dhéanamh ar chúrsaí feidhmíochta sa tseirbhís sláinte agus ar an gcuntasacht maidir le caiteachas ar chúrsaí sláinte. Rinne an Coiste athbhreithniú ar an dul chun cinn maidir leis an bPlean Gníomhaíochta faoi Liostaí Feithimh, Tionscnamh an Gheimhridh agus an Straitéis rShláinte a chur i bhfeidhm agus ar an dul chun cinn maidir le hOspidéal Náisiúnta Leanaí a chur ar bun. Rinne an Coiste athbhreithniú freisin maidir le leasuithe ar an Scéim Tacaíochta maidir le Tithe Altranais agus ar na Seirbhísí Meabhairshláinte. Cuireadh leithroinnt €500 milliún de chistíocht bhreise i lár na bliana don Roinn Sláinte in úsáid maidir le seirbhísí meabhairshláinte, seirbhísí do dhaoine faoi mhí-chumas agus ardú ar líon na n-uaireanta an chloig de chúnamh ag baile.

Thug an Roinn cúnamh taca maidir leis an Tascfhórsa Airí a cuireadh ar bun sa bhliain 2016 chun bonn treise a chur faoi athnuachan fadtéarmach eacnamaíochta agus sóisialta Oirthuaisceart Lár na Cathrach agus faoi obair Kieran Mulvey maidir lena thuarascáil, ina leagtar amach moltaí sonracha i ndáil le hathnuachan an limistéir, a ullmhú.

Lean an Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESC) i rith na bliana 2016 de chomhairle a chur ar an Taoiseach faoi shaincheisteanna straitéiseacha maidir le forbairt eacnamaíochta, shóisialta agus comhshaoil na hÉireann. Lean Rúnaíocht an NESC den obair maidir le cúnamh beartais a chur ar fáil do Ranna éagsúla Rialtais.

Tosaíocht Straitéiseach 3
An Eoraip

Cuireann an Roinn bonn faoi sheasamh na hÉireann mar bhallstát de chuid an Aontais Eorpaigh a bhfuil meas air agus tionchar aige. Déantar sin trí chur chuige straitéiseach maidir le caidreamh na hÉireann leis an AE a thabhairt chun cinn, caidreamh déthaobhach agus cothú na comhghuaillíochta san áireamh; agus trí chomhleanúnachas a chinntiú maidir leis an seasamh a bhíonn ag Éirinn i leith na bpríomhbheartas i ndáil le gnóthaí an AE.

Chuidigh an Roinn leis an Taoiseach ina cháil mar bhall den Chomhairle Eorpach agus i ndáil leis an bhfreastal a rinne sé ar ceithre chruinniú Comhairle agus trí cinn eile de chruinnithe ar leibhéal cruinniú mullaigh de chuid an AE. Phléigh an Chomhairle an ghéarchéim leanúnach imirce i réigiún oirthear agus dheisceart na Meánmhara agus san Eoraip, an idirbheartaíocht agus toradh reifreann na Ríochta Aontaithe maidir leis an AE a fhágáil agus a bhfuil i ndán don Eoraip.

Rinne an Roinn comhordú freisin maidir le sé cinn de chuairteanna déthaobhacha agus de chruinnithe le ceannairí de chuid an AE – An PA Muscat, Málta; An tUachtarán Anastasiades, An Chipir; An tUachtarán Hollande, An Fhrainc; An Seansailéir Merkel, An Ghearmáin; agus an Príomh-Aire Cameron agus an Príomh-Aire May, an Ríocht Aontaithe.

Tá tábhacht faoi leith le leas na hÉireann a chur chun cinn san Aontas Eorpach ó tharla tairbhe eacnamaíochta na tíre ceangailte chomh dlúth sin leis. Tá comhordú á dhéanamh ag an Roinn leis na Ranna/Gníomhaireachtaí Rialtais ábhartha ar fad ionas go gcinntítear cur chuige éifeachtúil uile-Rialtais, trína dtugtar san áireamh go hiomlán tosaíochtaí idirbheartaíochta an Rialtais, maidir leis an idirbheartaíocht i ndáil le Brexit. Bhí ullmhúchán cuimsitheach déanta ag an Rialtas roimh thoradh Reifreann na Ríochta Aontaithe maidir le ballraíocht san AE. Rinneadh obair theagmhasach sular tharla an Reifreann agus tá géaraithe ar an anailís agus ar an bpleanáil cnámhscéil ó shin i leith ar fud na n-earnálacha mórthábhachta ar fad. Rinneadh caidreamh agus comhairliúchán go forleathan freisin, trí phróiseas Uile-Oileáin an Chaidrimh Chathartha agus ar bhealaí eile.

Ó tharla toradh an reifrinn sa Ríocht Aontaithe, tá athrú suntasach eagrúcháin curtha i gcrích, lena n-áirítear aistriú dhíol suntasach de na feidhmeanna agus de na hacmhainní a bhaineann leis an AE ar ais chuig an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus athstruchtúrú taobh istigh de Roinn an Taoisigh ionas gur cruthaíodh Rannóg nua maidir le Gnóthaí Idirnáisiúnta, an tAontas Eorpach agus Tuaisceart Éireann. Cuidíonn an Rannóg sin le Coiste Comh-Aireachta nua maoirseacht a dhéanamh ar bheart foriomlán an Rialtais maidir le Brexit agus leis an gCoiste Comh-Aireachta Gnóthaí Eorpacha.

Chuidigh an Roinn freisin leis an Aire Stáit maidir le Gnóthaí Eorpacha, Margadh Digiteach Aonair an AE agus Cosaint Sonraí ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus ag ocht gcinn de chruinnithe de chuid na Comhairle Gnóthaí Ginearálta ag ar pléadh obair ullmhúcháin do chruinnithe na Comhairle agus fairsingiú ar an gCreat Airgeadais Ilbhliana. Scríobh an Taoiseach, mar aon le 15 ceannaire eile de chuid an AE, chuig Uachtarán na Comhairle Eorpaigh i mí na Nollag chun athdhearbhú a dhéanamh ar an tábhacht atá leis an Margadh Digiteach Aonair agus cuireadh Coiste Idir-rannach nua ar bun, faoi Chathaoirleacht an Aire Stáit, chun comhordú agus maoirseacht a dhéanamh maidir lena chur i bhfeidhm in Éirinn.

Tosaíocht Straitéiseach 4
Síocháin

Lean an Roinn de bhonn treise a chur faoi obair an Taoisigh agus an Rialtais ag cuidiú leis an tsíocháin a choinneáil agus an caidreamh a chothú ar oileán na hÉireann agus idir Éirinn agus an Bhreatain.

Oibríonn Rialtas na hÉireann agus Rialtas na Breataine ag oibriú go dlúth le chéile chun cobhsaíocht polaitíochta a chothú i bhFeidhmeannas Thuaisceart Éireann agus bonn treise a chur faoi. Rinneadh dul chun cinn seasta, faoi mhaoirsiú ag cruinnithe gach ráithe, maidir le Comhaontú Theach Stormont a chur i bhfeidhm.

Bhí cruinniú ag an Taoiseach leis an bPríomh-Aire Cameron i mí Eanáir chun cora nua madir le cúrsaí polaitíochta, eacnamaíochta agus slándála i dTuaisceart Éireann a phlé. Dheimhnigh an dá Rialtas go rabhthas tugtha do Chomhaontú Aoine an Chéasta agus do Chomhaontú Chill Rímhinn a chur i bhfeidhm ina n-iomláine agus rinneadh athbhreithniú ar an dul chun cinn faoi Chomhchlár Oibre na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann.

Bhí cruinniú ag an Taoiseach freisin leis an bPríomh-Aire May i mí Iúil chun réimse ceisteanna a phlé arbh ábhar spéise iad don dá thaobh i bhfianaise Reifreann na Ríochta Aontaithe maidir leis an AE chomh maith le cás reatha Thuaisceart Éireann agus Comhchlár Oibre na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann.

Bhí an Taoiseach i láthair, an cúigiú bliain as a chéile, ag searmanais Dhomhnach an Chuimhneacháin in Inis Ceithleann mar ar leag sé bláthfhleasc i gcuimhne na ndaoine ar fad de gach traidisiún a d'éag i rith an Chéad Chogadh Domhanda.

I mí Meithimh, d'fhreastail an Taoiseach ar Chruinniú Mullaigh Chomhairle na Breataine agus na hÉireann arna riar ag Céad-Aire na hAlban Nicola Sturgeon a raibh cruinniú déthaobhach aige léi chomh maith. An cheist maidir le cúramóirí gan phá a bhí mar théama leis an gCruinniú Mullaigh. Bhí an Taoiseach i láthair ag cruinniú urghnách den Chomhairle i mí Iúil tar éis Reifreann na Ríochta Aontaithe maidir leis an AE chun plé a dhéanamh ar a mbeadh i ndán do na dlínsí riaracháin éagsúla mar gheall ar thoradh an reifrinn. Bhí cruinniú mullaigh eile i gCaerdydd i mí na Samhna dírithe ar na torthaí a thiocfadh de thoradh ar Brexit do na Baill de réir mar a bhí ag teacht chun cinn faoin tráth sin.

Bhí an Taoiseach ina chathaoirleach i mí Iúil ar an 22ú cruinniú iomlánach den Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas i gCaisleán Bhaile Átha Cliath ag ar aontaíodh go ndéanfadh Rialtas na hÉireann agus Feidhmeannas Thuaisceart Éireann oibriú le chéile chun a chinntiú go ndéanfaí na buntáistí leis an gcomhoibriú Thuaidh Theas a chosaint agus a chaomhnú tar éis Reifreann na Ríochta Aontaithe maidir leis an AE. Bhí an Taoiseach i láthair ag cruinniú iomlánach eile den Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas in Ard Mhacha i mí na Samhna ag ar aontaíodh prionsabail maidir le cur chuige comónta i ndáil le ceisteanna a eascraíonn ó Brexit.

Bhí an chéad chruinniú, arna riar ag an Taoiseach i mí na Samhna, den Chaidreamh Cathartha Uile-Oileáin ar an gcéad cheann de shraith seisiún chun plé a dhéanamh ar an ábhar dúshláin agus ar na deiseanna a thiocfadh chun tosaigh mar gheall ar Brexit. Tháinig níos mó ná 300 ionadaí as oileán na hÉireann i láthair agus eagraíodh trí cinn eile de chruinnithe earnála i rith na bliana 2016 ag ar díríodh ar oideachas agus oiliúint bhreise, ar thalmhaíocht agus bia agus ar oideachas agus taighde.

Tosaíocht Straitéiseach 5
Clár Rialtais

Tacaíonn oifig Chlár an Rialtais sa Roinn leis an Taoiseach an dul chun cinn maidir le gealltanais sa Chlár nua do Rialtas Comhpháirtíochta, a foilsíodh i mí Bealtaine, a bhrú ar aghaidh. Déanann an oifig monatóireacht ar chur i bhfeidhm na ngealltanas sin ar fud na Ranna Rialtais uile agus tugtar tuairisc don Rialtas go tráthrialta.

D'fhoilsigh an Rialtas an chéad Tuairisc ar an Dul chun Cinn maidir leis an gClár i mí na Nollag, ina leagtar amach an dul chun cinn a rinneadh ar fud na Ranna Rialtais go léir leis na bearta a fógraíodh faoi Bhuiséad 2017 san áireamh. Thug na Ranna go léir an obair ar an Ráiteas Straitéise nua trí bliana chun críche ina leagtar amach a gcuid príomhchuspóirí agus na bearta tús áite maidir leis na gealltanais i gClár an Rialtais a thagann faoina gcúram, na haidhmeanna nua maidir le Cearta an Duine san áireamh faoi scáth an Achta um Chearta an Duine agus Comhionnanas 2014.

Lean an Roinn den dul chun cinn leis na gealltanais a thagann faoi scáth na Roinne féin a chur i bhfeidhm, dírithe go mór mhór ar athchóiriú an Oireachtais agus ar athchóiriú na Bunreachta. Cuireadh bearta éagsúla athchóiriúcháin i bhfeidhm maidir leis an Dáil a d'eascair as Tuarascáil Fho-Choiste Uile-Pháirtí an Oireachtais maidir le hAthchóiriú na Dála i mí Bealtaine. Áirítear ar na bearta sin Coiste Gnó nua traspháirtí a thugann breis cumhachta don pharlaimint maidir le pleanáil a dhéanamh ar ghnó na parlaiminte, clár oibre seachtaine na Dála san áireamh, Coiste Maoirsiú Buiséid nua a chuireann le ról an Oireachtais maidir le próiseas an bhuiséid, am breise le haghaidh ceisteanna, rialacha nua lena ndéantar freastal do ghrúpaí teicniúla éagsúla agus vótáil a thabhairt le chéile ar an Déardaoin ionas gur cóiriúla sin do theaghlaigh. Den chéad uair riamh, ba le vótáil rúnda a toghadh an Ceann Comhairle agus rinneadh poist Chathaoirligh na gCoistí Oireachtais a dháileadh de réir chóras d'Hondt.

Chuir an Roinn Aonad Idirchaidrimh leis an bParlaimint ar bun d'fhonn soirbhiú do chaidreamh forfheabhsaithe idir an Rialtas agus an tOireachtas. Cuireann an tAonad cúnamh taca ar fáil d'Airí agus dá gcuid Ranna maidir le gnóthaí an Oireachtais agus bíonn béim faoi leith ar chuidiú maidir le Gnó Chomhaltaí Príobháideacha.

Cuireadh an Tionól Saoránach ar bun i mí Iúil. Tá 99 saoránach ina gcomhaltaí den Tionól ar a bhfuil Cathaoirleach neamhspleách, an Giúistis Mary Laffoy, Breitheamh de chuid na Cúirte Uachtaraí. Eagraíodh an chéad chruinniú den Tionól i mí Deireadh Fómhair agus bíonn cruinniú in aghaidh na míosa ar siúl chun saincheisteanna mórthábhachta a phlé: an tOchtú Leasú ar an mBunreacht; an modh is fearr chun dul i ngleic le hábhar dúshláin agus deiseanna mar gheall ar an daonra a bheith ag dul in aois; parlaimintí téarmaí seasta; an dóigh ina reáchtáiltear reifrinn; agus an dóigh ina bhféadfadh an Stát Éire a chur chun tosaigh mar cheannródaí maidir le dul i ngleic leis an athrú aeráide. Díreach le Tithe an Oireachtais a thabharfaidh an tionól tuairiscí agus is mar gheall ar an Ochtú Leasú an chéad tuairisc agus an chéad mholadh den chineál sin.

Tosaíocht Straitéiseach 6
Seirbhís

Chuir an Roinn raon leathan seirbhísí tacaíochta ar fáil don Taoiseach, don Rialtas agus do bhaill den phobal i rith na bliana 2016, chomh maith leis na seirbhísí tacaíochta inmheánacha. Tugtar san áireamh leis sin an obair a ghabhann le cruinnithe Rialtais, Ceisteanna Parlaiminte, seisiúin eolais, aithisc, iarratais maidir le Saoráil Faisnéise, an tIniúchadh Inmheánach, cuairteanna ar Thithe an Rialtais, freagraí a thabhairt ar uiríll ón bpobal, imeachtaí a eagrú agus freagra a thabhairt ar cheisteanna ó na meáin chumarsáide. Chuir an Roinn cúnamh taca riaracháin ar fáil do dhá Choimisiún Imscrúdúcháin agus don Tionól Saoránach i rith na bliana.

Bhí páirt ghníomhach ag an Rannán Gnóthaí Corparáideacha i rith na bliana 2016 san ullmhúchán agus sa phleanáil maidir leis na himeachtaí a ghabh le Comóradh 2016 chomh maith le cúnamh taca riaracháin a chur ar fáil le linn an athrú Rialtais agus athstruchtúrú suntasach a chur i bhfeidhm sa Roinn.

Lean Aonad AD na Roinne de sheirbhísí acmhainní daonna a chur ar fáil do na fostaithe agus do na bainisteoirí sa Roinn i gcomhar le PeoplePoint an Lárionad Comharsheirbhísí Pá-rolla. Chuir an tAonad AD Clár Foghlama agus Forbartha i bhfeidhm chomh maith atá leagtha amach chun bonn treise a chur faoi na fostaithe sa ról atá á dhéanamh acu, san fhorbairt ar a ngairm bheatha agus i ndáil le riachtanais an ghnó. Cuireadh tús le Clár Meantóireachta don Oifigeach Cléireachais agus reáchtáladh sraith cúrsaí maidir le héifeachtúlacht phearsanta. Leanadh den bhéim ar an mbainistíocht feidhmíochta (próisis ionduchtúcháin agus promhaidh faoi leith san áireamh) agus baineadh amach ráta comhlíontais 97% maidir leis an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta i rith na bliana 2016.

Thug Aonad Seirbhísí Bainistíochta na Roinne an obair ar thionscadail chothabhála éagsúla chun críche i rith na bliana 2016 chomh maith le plé le 1,638 glao chuig an deasc cabhrach. Rinne Aonad Tacaíochta Bhainistíocht Eolais na Roinne an riarachán maidir le 1,578 comhad nó páirt de chomhad i ndáil leis an mbliain 1986 a aistriú go dtí an Chartlann Náisiúnta i gcomhréir leis an Acht um Chartlann Náisiúnta.

Lean Aonad Airgeadais na Roinne de sheirbhísí taca maidir le cúrsaí airgeadais agus soláthair a chur ar fáil don Roinn i gcomhairle leis an Oifig um Sholáthar Rialtais. Rinneadh Polasaí leasaithe maidir le Soláthar agus Íocaíochtaí le Soláthraithe a fhoilsiú chomh maith ar láithreán gréasáin na Roinne. Chuidigh an tAonad Airgeadais ar bhealach gníomhach i rith na bliana ar fad leis an Tionscadal maidir le Comharsheirbhísí Bainistíocht Airgeadais ar fud na Státseirbhíse ar fad.

Ar na tionscadail a thug Aonad TEC na Roinne chun críche i rith na bliana 2016, áirítear ceangal a chruthú le hInfreastruchtúr Néalríomhaireachta an Rialtais agus uasghrádú/forfheabhsú ar chórais éagsúla gnó agus ar bhunachair sonraí, ina measc an rChomhaireacht; CBFF; SF; Prótacal; agus bunachair sonraí na Preasoifige. Déileáladh le 5,916 glao ar an deasc cabhrach agus rinneadh uasghrádú maidir le gnéithe éagsúla den teicneolaíocht, seifteanna forfheabhsaithe maidir le cóipeanna taca a chur i bhfeidhm san áireamh.

Tosaíocht Straitéiseach 7
Muinín agus Athchóiriú

I rith na bliana 2016, thug an Roinn tacaíocht don Taoiseach agus don Rialtas maidir le hathchóiriú ar fhorais an Stáit agus iontaoibh a chothú iontu an athuair.

Tar éis próiseas i gcomhar le réimse páirtithe leasmhara, lena n-áirítear aighneachtaí poiblí, d'ullmhaigh agus d'fhoilsigh an Roinn an Measúnú Náisiúnta Riosca 2016. Sonraítear 28 riosca straitéiseach ansin, i réimsí airgeadais agus neamhairgeadais araon, a chuirtear roimh an tír seo agus é de rún díospóireacht phoiblí a spreagadh faoin ábhar baoil sin agus faoi na bearta ba cheart a dhéanamh ina leith.

Thacaigh an Roinn le hobair Bhord Bainistíochta na Státseirbhíse, faoi chathaoirleacht an Ard-Rúnaí, a tháinig le chéile go míosúil chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Phlean Athnuachana na Státseirbhíse. Áirítear ar an dul chun cinn a rinneadh creatchórais nua maidir le Rialachas Corparáide sna ranna rialtais, feachtais earcaíochta oscailte agus tionscnaimh nua arna dtabhairt chun cinn ar mhaithe le cothromaíocht inscne níos fearr sa Státseirbhís, scéim nua gluaisteachta don oifigeach feidhmiúcháin agus don oifigeach cléireachais, formáid nua rátála maidir leis an mbainistíocht feidhmíochta don fhoireann agus próiseas nua maidir leis an athbhreithniú feidhmíochta don Ard-Rúnaí agus don Rúnaí Cúnta, an chéad athbhreithniú faoin gclár maidir le hathbhreithniú ar an inniúlacht eagraíochta arna dhéanamh sa Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus Gradaim Bhliantúla Barr Feabhais agus Nuála na Státseirbhíse a eagrú don dara huair.

D'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe tuarascáil ar an dul chun cinn i mí Iúil agus tá tús curtha le gach ceann den 25 beart faoin tráth seo. Chuir an Roinn cúnamh taca ar fáil freisin do Bhord Cuntasachta na Státseirbhíse atá faoi Chathaoirleacht an Taoisigh agus a eagraíonn cruinniú in aghaidh na ráithe.

Leanadh de chúnamh taca a thabhairt maidir le bearta Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí i rith na bliana 2016 trí obair an Choiste Comh-Aireachta an Bheartais Shóisialta agus Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí. Lean an Roinn freisin de choinníollacha nua maidir le Saoráil Faisnéise, nochtadh cosanta agus stocaireacht a thabhairt i bhfeidhm.

Rinne an Coiste Comh-Aireachta maidir le hAthchóiriú Dlí agus Cirt maoirseacht maidir le bearta éagsúla athchóiriúcháin i ndáil le cúrsaí póilíneachta, cúrsaí ceartais agus an córas dlí. Áirítear orthu sin Plean Athchóirithe agus Lucht Saothair Ardleibhéil an Gharda Síochána a thabhairt chun cinn, an fhreagracht maidir le ceapacháin sinsearacha sa Gharda Síochána a aistriú ón Rialtas go dtí an tÚdarás Póilíneachta agus an Scéim Ghinearálta a fhoilsiú maidir le Bille lena ndéanfar córas ceapacháin na mbreithiúna a leasú.

Ní dhearna fostaí ná iarfhostaí de chuid na Roinne aon nochtadh cosanta i rith na bliana 2016 faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014.

Tosaíocht Straitéiseach 8
Éire I nDomhan Domhandaithe

Oibríonn an Roinn le Ranna eile chun leas na hÉireann a chur chun cinn ar fud an domhain agus chun an tionchar is mó is féidir a imirt i gcúrsaí polaitíochta agus eacnamaíochta. Chuidigh an Roinn leis an Taoiseach, tríd an gclár cuairteanna agus ócáidí idirnáisiúnta ar thug sé faoi agus ar mhodhanna eile, breis infheistíochta, trádála agus fostaíochta a chothú, treisiú le caidreamh déthaobhach agus polaitíochta agus bearta i gcomhar a thabhairt chun cinn maidir le hábhar dúshláin domhanda agus réigiúnda.

Tá tábhacht mhór ag an Rialtas le caidreamh a chothú leo siúd a d'fhág Éire agus le daoine de bhunadh na hÉireann ar fud an domhain. Cuireann an Roinn cúnamh taca ar fáil d'obair Choiste Idir-rannach maidir leis an mbeartas i leith an diaspóra a ndéanann an tAire Stáit maidir leis an Diaspóra agus Forbairt Idirnáisiúnta cathaoirleacht air.

Cuireadh airgead ar fáil i rith na bliana 2016 do 105 eagraíocht áitiúil agus eagraíocht pobail maidir le tionscadail agus tionscnaimh faoin gCiste maidir le Caidreamh Áitiúil leis an Diaspóra. Cuireadh cistí ar fáil do 24 Údarás áitiúil chomh maith d'fhonn a chur ar a gcumas straitéisí a thabhairt chun cinn maidir le caidreamh a chothú leis an diaspóra ar leibhéal áitiúil agus ar leibhéal an phobail.

Thug an Roinn cúnamh taca freisin maidir le Comhdháil Ireland's Edge ag féile Other Voices i nDaingean Uí Chúis, Co. Chiarraí , ag ar scrúdaíodh bealaí chun Éire a chur chun cinn mar cheann scríbe ag daoine den diaspóra atá ag smaoineamh ar fhilleadh abhaile i mbun oibre agus deiseanna nua don diaspóra maidir le réimsí cruthaitheachta, oirfidíochta agus ealaíne.

Seoladh tairiscint i mí na Samhna maidir le hiarratas Corn an Domhain sa Rugbaí a eagrú in Éirinn sa bhliain 2023. Tá an dá Rialtas ar oileán na hÉireann ag seasamh leis an tairiscint seo. Roinn an Taoisigh a dhéanann cathaoirleacht ar an nGrúpa Idir-Ranna/ Gníomhaireachtaí atá curtha ar bun chun comhordú a dhéanamh ar pháirt na hearnála poiblí i ndáil leis an tairiscint.

Chuidigh an Roinn freisin leis an Aire Stáit maidir le Gnóthaí Eorpacha, Margadh Digiteach Aonair an AE agus Cosaint Sonraí maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm phlean an Rialtais chun a chinntiú go mbíonn cur chuige na hÉireann maidir le cosaint sonraí sa gheilleagar digiteach ar scoth an domhain. Chuir an Roinn Aonad beag Cosaint Sonraí ar bun chun ceannródaíocht a dhéanamh ina leith sin. Leanadh den dul chun cinn i rith na bliana 2016 maidir le Fóram Sonraí an Rialtais, coiste Idir-rannach a chur ar bun faoi cheisteanna a bhaineann le Cúrsaí Sonraí agus tuiscint a chothú ar an Rialachán Ginearálta nua de chuid na hEorpa maidir le Cosaint Sonraí.

I rith na bliana 2016, thug an Taoiseach faoi shraith fhorleitheadach ócáidí i mbun ionadaíochta ar son na hÉireann thar lear agus ar fud na tíre. Eagraíodh misin thrádála agus infheistíochta sa Ghearmáin agus san Ísiltír i mí Eanáir agus i Silicon Valley agus i Nua-Eabhrac i mí na Samhna chun Éire a chur chun tosaigh agus dul chun cinn a dhéanamh maidir le deiseanna trádála. Thaistil an Taoiseach Washington DC freisin le haghaidh Lá Fhéile Pádraig ag freastal ar shraith ócáidí leis an Uachtarán Obama agus leis an Leas-Uachtarán Biden. Bhí cuairteanna ar an bPríomh-Aire Cameron i mí Eanáir agus ar an bPríomh-Aire May i mí Iúil, chomh maith le sraith de chuairteanna agus de chruinnithe déthaobhacha le ceannairí de chuid an AE, ina gcuid d'fheachtas comhairle agus caidrimh níos forleithne mar gheall ar Brexit.

Tosaíochtaí Straitéiseacha 2016-2019

Tar éis don Taoiseach socrú go mbeadh olltoghchán ann i mí Feabhra agus Rialtas nua a chur ar bun ina dhiaidh sin, ullmhaíodh Ráiteas Straitéise nua don Roinn. Sonraítear sé cinn de thosaíochtaí straitéiseacha i Ráiteas Straitéise 2016 – 2019 na Roinne chun bonn treise a chur faoi obair an Taoisigh agus an Rialtais. Beidh tuairisc á thabhairt ina leith sin i dTuarascáil Bhliantúil 2017.

A. TACAÍOCHT DON TAOISEACH AGUS DON RIALTAS

B. GEILLEAGAR INMHARTHANA

C. SOCHAÍ NÍOS FEARR

D. CAIDRIMH LÁIDRE SAN EORAIP AGUS AR FUD AN DOMHAIN

E. IMEACHT NA BREATAINE AS AN AONTAS EORPACH

F. ULLMHÚ DON AM ATÁ LE THEACHT

Roinn an Taoisigh

Caiteachas na bliana 2016

	Toradh Sealadach 2016 €000
RIARACHÁN	
Tuarastail, Pá agus Liúntais	11,866
Taisteal agus Cothabháil	473
Oiliúint agus Forbairt agus Costais Theagmhasacha	937
Postas agus Teileachumarsáid	252
Trealamh Oifige & Soláthairtí Oifige	1241
Costas Áitribh Oifige	280
Seirbhísí Comhairleoireachta	0
Iomlán maidir le Riarachán	**15,049**
SERIBHÍSÍ EILE	
An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Shóisialta & Gheilleagrach (Deontas)	1,822
Binsí Fiosrúcháin	1,086
Rannpháirtíocht san AE	276
Pearsanra de chuid na hÉireann in Institiúidí an AE agus in Institiúidí Idirnáisiúnta	1,553
Coimisiúin Imscrúdúcháin	2,489
Cosaint Sonraí	248
Gnóthaí Diaspóra	825
Móriomlán	**23,348**
Lúide Leithreasaí-i-gCabhair	(763)
Iomlán Glan	**22,585**

(B'ionann an t-ús mar gheall ar mhallíocaíochtaí i rith na bliana 2016 agus €792)

Cúrsaí Foirne

Foireann na Roinne *



*Coibhéis 190 ball foirne lánaimseartha a bhí ag obair sa Roinn ag deireadh na bliana 2016

Forléargas ar Úsáid Fuinnimh 2016

Tithe an Oireachtais atá i mbun an riaracháin maidir le húsáid fuinnimh i gcloigín Thithe an Rialtais, Roinn an Taoisigh san áireamh. Le blianta beaga anuas, tá athrú suntasach ar na bealaí ina gcuirtear seirbhísí fuinnimh ar fáil agus ar na modhanna ina ndéantar táillí maidir leis na seirbhísí a leagan ar na tionóntaí éagsúla sa choimpléacs.

Déantar fuinneamh a ídiú maidir le soilse, teas, aerchóiriú, uisce te, trealamh oifige agus trealamh TE agus i ndáil le trealamh lónadóireachta. Tá obair ar bun sa Roinn d'fhonn an méid leictreachais a chaitear a ísliú. Ar na bearta a rinneadh i rith na bliana 2016, bhí bolgáin solais LED a chur isteach ar fud an fhoirgnimh.

Tá athbhreithniú ar siúl ag an Roinn faoi láthair, i gcomhar le Tithe an Oireachtais, maidir le húsáid fuinnimh agus tuairiscíocht ina leith sin. Níl sonraí faoi leith ar fáil dá bharr sin, an tráth a bhfuil an Tuarascáil seo á foilsiú, maidir leis an úsáid fuinnimh i rith na bliana 2016. Déanfar na sonraí sin a fhoilsiú ar láithreán gréasáin na Roinne a luaithe a bhíonn siad ar fáil.